**Ciorclán 0004/2025**

Ciorclán d'Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna

# An leithdháileadh Múinteoirí Oideachais Speisialta don scoilbhliain 2025/26

## 1. Cuspóir an chiorcláin seo

Is é cuspóir an Chiorcláin seo scoileanna a chur ar an eolas faoin bpróiseas le haghaidh an phróifíl oideachais do gach scoil agus an leithdháileadh Múinteoirí Oideachais Speisialta a eascraíonn aisti sin a ríomh don scoilbhliain 2025/26.

Cuirtear gach scoil ar an eolas faoina leithdháileadh Múinteoirí Oideachais Speisialta mar chuid de na Socruithe Bliantúla Soláthar Foirne i mBunscoileanna don scoilbhliain 2025/26 agus gheobhaidh gach scoil ríomhphost sna laethanta atá le teacht ina dtabharfar tuilleadh mionsonraí faoin leithdháileadh, agus ba cheart an ríomhphost sin a léamh i gcomhar leis an gciorclán seo.

## 2. Cuspóir na samhla leithdháilte Múinteoirí Oideachais Speisialta ar leibhéal an chórais oideachais

Tá an tsamhail leithdháilte Múinteoirí Oideachais Speisialta deartha chun acmhainní breise teagaisc oideachais speisialta a dháileadh ar fud an chórais bunscoileanna ina iomláine. Tá sé sin amhlaidh chun a chinntiú go mbíonn acmhainní breise teagaisc ar fáil chun tacú leis na daltaí a bhfuil na riachtanais foghlama is mó acu.

Ar leibhéal an chórais, déantar na huaireanta iomlána atá ar fáil a leithdháileadh ar an mbonn seo a leanas: 25% ar Rollú, 68.5% ar an bPróifíl Riachtanas Oideachais, agus an 6.5% atá fágtha chun tacú le Míbhuntáiste Oideachasúil.

A luaithe a leithdháiltear na huaireanta mar atá leagtha amach thuas, déantar leis an tsamhail ansin na hacmhainní sin a leithroinnt ar scoileanna aonair ar bhonn na sonraí is cothroime le dáta atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí rollaithe a foilsíodh i mí na Nollag 2024.

Leis an tsamhail leithdháilte, tugtar neamhspleáchas do scoileanna chun tacaíocht bhreise teagaisc a bhainistiú agus a imscaradh laistigh dá scoil, bunaithe ar riachtanais shainaitheanta foghlama na ndaltaí.

Ba cheart don scoil Ciorclán 0064/2024 a cheadúle haghaidh treoir a fháil maidir leis an leithdháileadh Múinteoirí Oideachais Speisialta a chur i bhfeidhm agus a imscaradh.

## 3. Conas a fhorbraítear próifíl scoile?

Cruthaítear próifíl oideachais uathúil do gach scoil agus tá **trí cholún** mar bhonn agus thaca ag an bpróifíl sin.

**Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh gach scoil:**

**Gurb ionann do gach scoil an ríomh agus na rialacha a chuirtear i bhfeidhm laistigh den tsamhail agus go meastar iad, dá bhrí sin, a bheith ina léiriú fíor cruinn ar na hionchuir sonraí do gach scoil.**

**Gurb infhíoraithe agus foinsithe ó áiteanna laistigh den chóras oideachais atá na sonraí le haghaidh gach colúin nó go n-úsáideann gach roinn rialtais na sonraí le haghaidh gach colúin (innéacs HP).**

## 4. Cé na trí cholún a úsáidtear chun próifíl oideachais scoile a chruthú?

**Colún 1: Leithdháileadh Rollaithe** – An rollú iomlán sa scoil, rud a fhoinsítear ón mBunachar Sonraí ar Líne do Bhunscoileanna.

**Colún 2: Próifíl Riachtanas Teagaisc Oideachais** – Díorthaítear í sin ó phróifíl litearthachta agus uimhearthachta na scoile, mar a thaispeántar leis na scóir STen (1, 2, 3 agus 4) do Bhéarla/Gaeilge agus do Mhatamaitic a dtuairiscíonn an scoil iad. **<u>Tabhair faoi Deara:</u>** Níor cheart daltaí atá díolmhaithe a thaifeadadh faoi STen 1. Gabhtar daltaí díolmhaithe go huathoibríoch ón mbratach díolmhaithe.

**Colún 3: Míbhuntáiste Oideachasúil** – Is í an phríomhfhoinse sonraí ná Innéacs HP Pobal do Cheantair Bheaga, ar modh é le haghaidh saibhreas coibhneasta nó míbhuntáiste coibhneasta ceantair gheografaigh ar leith a thomhas, i dteannta sonraí daltaí ón mBunachar Sonraí ar Líne do Bhunscoileanna.

**Scoileanna Sóisearacha**

I gcás scoileanna sóisearacha nó scoileanna naíonán a bhfuil daltaí rang a dó acu agus a chuireann trialacha caighdeánaithe i gcrích, is iad na luachanna litearthachta agus uimhearthachta a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na scoileanna sin ná torthaí na dtrialacha. I gcás scoileanna sóisearacha nó scoileanna naíonán nach bhfuil daltaí rang a dó acu agus nár chuir trialacha caighdeánaithe rang a dó i gcrích dá bhrí sin, ríomhtar an t-ionchur litearthachta agus uimhearthachta ar bhonn phróifíl STen na scoile sinsearaí/na scoileanna sinsearacha a dtéann a ndaltaí isteach inti/iontu. Leithroinntear an STen ar an scoil shóisearach nó ar an scoil naíonán ar bhonn an chéatadáin chéanna de rolluithe i ngach catagóir STen sa scoil shinsearach ghaolmhar/sna scoileanna sinsearacha gaolmhara. Úsáidtear na torthaí comhiomlánaithe ó thrí scoil shinsearacha ar a mhéad thar thrí bliana.

*Chun cothroime agus cothromas a chinntiú do gach scoil, eisiatar daltaí Úcránacha /daltaí  atá i Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta ón ríomh i gcás scoileanna a bhfuil acmhainní Múinteoirí Oideachais Speisialta á bhfáil acu cheana féin tríd an bpróiseas sonrach do dhaltaí Úcránacha/do dhaltaí atá i Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta, i.e., scoileanna a bhfuil níos mó ná deichniúr daltaí Úcránacha/daltaí atá i Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta rollaithe acu.*

## 5. Conas a dhíorthaítear an leithdháileadh foriomlán deiridh Múinteoirí Oideachais Speisialta ar gach scoil?

Tá an leithdháileadh iomlán ar gach scoil bunaithe ar shuim na dtrí cholún aonair, a shlánaítear ansin go dtí an 2.5 uair is gaire.

## 6. Minicíocht athphróifíliú na samhla Múinteoirí Oideachais Speisialta

Nuashonraítear próifíl oideachais gach scoile ar bhonn bliantúil anois agus cuirtear leithdháiltí Múinteoirí Oideachais Speisialta in iúl do scoileanna mar chuid den chiorclán maidir le socruithe soláthar foirne, agus tugtar tuilleadh mionsonraí do gach scoil faoina leithdháileadh le ríomhphost ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) ar an dáta is luaithe is féidir gach bliain.

## 7. Poist a Líonadh

Ba cheart poist Múinteoirí Oideachais Speisialta a líonadh de réir na socruithe foilsithe soláthar foirne agus ath-imlonnaithe a leagfar amach sa Sceideal Soláthar Foirne Bunscoile don scoilbhliain 2025/26.

## 8. An leithdháileadh a athbhreithniú idir nuashonruithe bliantúla

Cuirtear leithdháileadh uaireanta múinteora oideachais speisialta (poist) in iúl do scoileanna mar chuid den Chiorclán maidir le Socruithe Bliantúla Soláthar Foirne.

Déanfaidh CNOS miondealú níos mine ar na huaireanta múinteora oideachais speisialta (na poist) de chuid scoile a chur in iúl thar ceann na Roinne Oideachais. Seolfar é sin le ríomhphost chuig scoileanna.

Is eol don Roinn gur féidir go dtiocfaidh imthosca uathúla chun cinn i scoil a mhéid a athraíonn próifíl scoile ar bhealach nach rabhthas in ann a bheith ag súil leis. In imthosca den sórt sin, féadfaidh an scoil iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú ar Leithdháileadh Múinteoirí Oideachais Speisialta más rud é gur fhulaing an scoil Imthoisc Uathúil/Imthosca Uathúla.

Tá an Próiseas Athbhreithnithe Múinteoirí Oideachais Speisialta ar fáil trí Thairseach CNOS agus beidh faisnéis maidir leis an bPróiseas Athbhreithnithe ar Leithdháileadh Múinteoirí Oideachais Speisialta agus an Tréimhse Ama ina nGlacfar le hIarratais don bhliain 2025 ar fáil do scoileanna ar shuíomh Gréasáin CNOS ag www.ncse.ie.

Seolfaidh CNOS na hathbhreithnithe idir mí an Mhárta agus mí na Bealtaine 2025 chun a chur ar chumas scoileanna pleanáil don mhí Mheán Fómhair ina dhiaidh sin ar bhealach níos fearr.

Tá mionsonraí faoin bpróiseas níos cuíchóirithe sin um **athbhreithniú CNOS** ar fáil in Aguisín 1 thíos.

## 9. Treoir maidir le húsáid agus le himscaradh

Foilsíodh leaganacha athbhreithnithe agus nuashonraithe de threoirlínte agus de chiorcláin ar acmhainní Múinteoirí Oideachais Speisialta a úsáid agus a imscaradh.

Is féidir iad a rochtain ag an nasc seo:

gov.ie – Treoirlínte SET agus doiciméid tacaíochta chun cabhrú le scoileanna tacaíocht a thabhairt do Leanaí/Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

## Aguisín 1

Tá próiseas athbhreithnithe i bhfeidhm, áit a bhféadfadh imthosca uathúla teacht chun cinn i scoil a bhféadfadh go mbeadh athbhreithniú práinneach ag teastáil ina leith. Ní mór a thaispeáint go raibh tionchar suntasach ag na himthosca uathúla nó gan choinne ar an scoil, a mhéid is léir nach bhfuil an scoil in ann freastal ar riachtanais an chohóirt iomláin daltaí, fiú i gcás go ndearnadh na hacmhainní uile atá ann cheana a bhainistiú agus a imscaradh go hiomlán agus go héifeachtach. Ba cheart don scoil fianaise shoiléir a thabhairt á léiriú nach leor leibhéal foriomlán an leithdháilte acmhainní teagaisc oideachais speisialta sa scoil seo chun freastal ar an riachtanas breise sin.

Ní mór do scoileanna a bheith in ann a thaispeáint go bhfuil siad ag imscaradh a leithdháilte de réir na dTreoirlínte do Bhunscoileanna maidir le tacú le leanaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu agus de réir Chiorclán 64/2024. Éileofar ar scoileanna fianaise a thabhairt air sin ina bhfoirm iarratais – Aguisín 1 (Plean Soláthair Scoile) agus Aguisín 2 (Sceideal Imscartha do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta). Áireofar iad sin san Fhoirm Iarratais ar Athbhreithniú Múinteoirí Oideachais Speisialta.

Ar aon dul le Ciorclán 64/2024 agus leis na Treoirlínte do Bhunscoileanna maidir le tacú le leanaí i Scoil Phríomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, ní mór do scoileanna a chinntiú freisin gur choigeartaigh siad an bealach ina n-imscarann siad a n-acmhainní teagaisc oideachais speisialta de réir mar is gá, chun a chinntiú go bhfuil an leibhéal is mó tacaíochta á fháil acu sin a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu. Ba cheart aon oiliúint agus tacaíocht ábhartha atá ar fáil ó CNOS agus/nó ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) a bheith sainaitheanta agus iarrtha ag scoileanna cheana féin.

### Próiseas

Ba cheart don scoil an t-athbhreithniú a lorg tríd an bhfoirm iarratais ar shuíomh Gréasáin CNOS a chomhlánú agus a hiarraidh a chur isteach tríd an tairseach scoile. Déanfaidh CNOS an tréimhse ama ina nglacfar le hiarratais a chur in iúl ar a shuíomh Gréasáin i mí Feabhra 2025. Ní mór na hiarratais uile a bheith faighte roimh an dáta deiridh a shonrófar ar shuíomh Gréasáin CNOS. Mar a bhí amhlaidh sa bhliain 2024, próiseálfar na hiarratais uile a gheofar laistigh den tréimhse ama ina nglacfar le hiarratais agus cuirfear torthaí in iúl do scoileanna roimh dheireadh na scoilbhliana 2024/25.

I gcás go bhfaighfear iarratas, breithneoidh painéal scagtha inmheánach de chuid CNOS an t-iarratas, á chinntiú gur leag an scoil amach go soiléir an imthoisc

uathúil/na himthosca uathúla agus gur thug sí fianaise shoiléir á léiriú nach leor leibhéal foriomlán an leithdháilte acmhainní teagaisc oideachais speisialta sa scoil seo chun freastal ar an riachtanas breise sainaitheanta sin.

Tar éis iarratais a scagadh, beidh feidhm ag na torthaí seo a leanas:

1. Gan aon fhianaise shuntasach ar imthoisc uathúil/imthosca uathúla a bheith ann san fhoirm iarratais – ní rachaidh an t-athbhreithniú ar aghaidh.
2. I gcás gur léir san fhoirm iarratais gur féidir go bhfuil imthoisc uathúil/imthosca uathúla ann i scoil, rachaidh an t-iarratas ar aghaidh ansin chuig athbhreithniú iomlán ar an Leithdháileadh Múinteoirí Oideachais Speisialta ar an scoil.

Tá CNOS tiomanta do fhreagra tráthúil a thabhairt ar iarraidh ó scoil ar athbhreithniú. Ós rud é go dtarlaíonn athphróifíliú scoile ar bhonn bliantúil anois, déanfaidh CNOS athbhreithnithe ar feadh tréimhse shocraithe ama i ngach bliain acadúil. Próiseálfar na hiarratais uile a gheofar laistigh den tréimhse ama shainithe ina nglacfar le hiarratais agus cuirfear torthaí in iúl do scoileanna roimh dheireadh na scoilbhliana 2024/25.

Déanfar é sin a uainiú chun a chinntiú go gcabhrófar le scoileanna baill foirne a fhostú don bhliain acadúil atá le teacht ar bhealach tráthúil.

Is é atá anseo a leanas ná samplaí (nach bhfuil uileghabhálach) ar imthosca uathúla nó gan choinne a raibh tionchar suntasach acu ar phróifíl scoile agus ar féidir go measfar iad a bheith mar fhorais le haghaidh athbhreithnithe:

- Tharla athruithe an-suntasach láithreacha ar athruithe ar an bpobal áitiúil i dtréimhse ghearr ama. Mar shampla, méadú sa líon forbairtí tithíochta/tithe sóisialta sa cheantar scoile máguaird. D'fhéadfadh sé sin an líon leanaí a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu agus atá ag rollú i scoil a mhéadú. Ba cheart don scoil fianaise shoiléir a thabhairt á léiriú nach leor leibhéal foriomlán an leithdháilte acmhainní teagaisc oideachais speisialta sa scoil seo chun freastal ar an riachtanas breise sin.

- Scoileanna i mbéal forbartha ar tháinig méadú suntasach ar a rollú, bunaithe ar rollú na bliana roimhe. Ba cheart don scoil fianaise shoiléir a thabhairt á léiriú nach leor leibhéal foriomlán an leithdháilte acmhainní teagaisc oideachais speisialta sa scoil seo chun freastal ar an riachtanas breise sin.

- Tráma suntasach ar an leibhéal áitiúil a raibh tionchar suntasach aige ar phobal scoile agus ar na riachtanais oideachais atá ag líon ard leanaí agus teaghlach sa scoil. Ba cheart don scoil fianaise shoiléir a thabhairt á léiriú nach leor leibhéal foriomlán an leithdháilte acmhainní

teagaisc oideachais speisialta sa scoil seo chun freastal ar an riachtanas breise sin.

- Méadú suntasach san iontógáil daltaí nó sa líon daltaí (idir rang na naíonán sóisearach agus rang a dó) ar an leibhéal bunscoile a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu ar aon dul leis an Leanúntas Tacaíochta. Éileofar fianaise chun an leibhéal riachtanais a dheimhniú agus/nó chun a dheimhniú go bhfuil na daltaí sin ag rochtain seirbhísí nó go bhfuil siad ar liostaí feithimh le haghaidh seirbhísí. Ba cheart don scoil fianaise shoiléir a thabhairt á léiriú nach leor leibhéal foriomlán an leithdháilte acmhainní teagaisc oideachais speisialta sa scoil seo chun freastal ar an riachtanas breise sin.

Scoileanna Sinsearacha (Rang a Trí)

- Méadú suntasach san iontógáil daltaí nó sa líon daltaí (a chuaigh isteach i rang a trí) a d'aistrigh chuig an scoil fhriothálach shinsearach agus a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu ar aon dul leis an Leanúntas Tacaíochta. Éileofar fianaise chun an leibhéal riachtanais a dheimhniú agus/nó chun a dheimhniú go bhfuil na daltaí sin ag rochtain seirbhísí nó go bhfuil siad ar liostaí feithimh le haghaidh seirbhísí. Ba cheart don scoil fianaise shoiléir a thabhairt á léiriú nach leor leibhéal foriomlán an leithdháilte acmhainní teagaisc oideachais speisialta sa scoil seo chun freastal ar an riachtanas breise sin.

**Ní mheasfar na hImthosca seo a leanas a bheith ina bhforais le haghaidh athbhreithnithe:**

- Iarrataí Iarratais atá bunaithe ar chomparáidí le leithdháiltí ar scoileanna áitiúla eile agus orthu sin amháin.

- Scoileanna inar tháinig laghdú suntasach ar rolluithe.

- Tá próiseas leithleach de chuid na roinne i bhfeidhm chun tacú le scoileanna a bhfuil líon ard daltaí atá i Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta/líon ard daltaí Úcránacha rollaithe acu.

- Iarrataí atá bunaithe ar thacaíocht a sholáthar do leanaí aonair ón leithdháileadh iomlán.

- Táthar ag súil leis go dtiocfaidh roinnt athruithe ar rolluithe le linn na tréimhse atá an phróifíl i bhfeidhm agus go rollóidh roinnt daltaí nua a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu sa scoil thar an tréimhse sin. Samhlaítear nach measfaí é sin a bheith ina fhoras le haghaidh athbhreithnithe.

.

- Táthar ag súil leis freisin go mbeidh roinnt daltaí ann ón rollú daltaí atá ann cheana a bhféadfadh go mbeadh riachtanais nua-shainaitheanta acu. Is féidir nach measfar an méid sin ina aonair a bheith ina fhoras le haghaidh athbhreithnithe. Samhlaítear nach measfaí é sin a bheith ina fhoras le haghaidh athbhreithnithe.

**Oideachas Speisialta**

**Feabhra 2025**